# Bláthú!

Eagrán 16 | Eanáir 2014

**Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,**
**Cuileán,**
**An Cheathrú Rua,**
**Co. na Gaillimhe**

**Teil.: 091 595337**
**www.comharnaionrai.ie**

## FETAC Leibhéal 6—Dún na nGall

Bhronn an tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD **Uasteastais FETAC Leibhéal 6 -** Maoirseacht i gCúram Leanaí ar Stiúrthóirí Naíonra i nDún na nGall in 2013.

I measc na modúil a clúdaíodh ar an gcúrsa seo bhí Fealsúnacht Luathfhoglama, Saincheisteanna Sóisialta agus Dlíthiúla i gCúram Leanaí, Maoirseacht i gCúram Leanaí,Cláir Luath-Óige agus Forbairt an Linbh.

Chomh maith le bheith cáilithe go hardchaighdeán cuireann Stiúrthóirí CNNG na creatlaigh náisiúnta curaclaim agus caighdeáin Aistear agus Síolta, chomh maith le clár oibre CNNG, Loinnir, i bhfeidhm ina gcuid seirbhísí. Cinntíonn na cáilíochtaí seo go bhfuil seirbhís d'ardchaighdeán á chur ar fáil do na páistí atá ag freastal ar sheirbhísí CNNG.




Sa phictiúir leis an stiúrthóirí naíonra tá an tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Seán Ó Cuireáin, Bord Údarás na Gaeltachta, Seán Ó Coistealbha, Síle Uí Ghallchóir agus Marian Uí Fhearraigh, Muintearas, Micheál Mac Giolla Easbuig, Údarás na Gaeltachta, Suzanne Nic Géidí, Teagascóir, Angela Uí Earcáin, Teagascóir, Bríd Mhic Giolla Bhríde, Oifigeach Forbartha CNNG agus Mairéad Mac Con Iomaire, Bainisteoir CNNG.

## Ag ceiliúradh sa Naíonra

Déantar scéal mór d'ócaidí sna Naíonraí agus déantar ceiliúradh ar gach ócáid agus féile. Idir drámaí Nollag, cuairteanna ar Dhaidí na Nollag agus gléasadh suas d'oíche Shamhna bíonn na páistí an-ghnóthach. Tá na himeachtaí seo ceangailte isteach leis an gcuraclam náisiúnta Aistear.



Dráma Nollag i Naíonra Ros an Mhíl



Dráma Nollag i Naíonra Chill na Martra



Gléasta suas d'oíche Shamhna i Naíonra an Fhálcarrach



Daidí na Nollag i Naíonra Charna

# Naíonra na Rinne, An Rinn, Co. Phort Láirge





**Bhailigh páistí Naíonra na Rinne (Seisiún 1 & 2) €250 do mhuintir na hOileáin Fhilipíneacha trí Phicnic na mBéiríní a d'eagraigh siad i mí na Samhna. Maith iad!**

Tá Naíonra na Rinne suite in aice na farraige i gceartlár Gaeltacht na nDéise i bPort Láirge. Is sa Halla Phobail atá seomra an Naíonra. Tógadh an seomra seo sa bhliain 2000 le cabhair ó airgead ADM.
Is í **Sinéad Ní Chadhla** an Príomh Stiúrthóir agus tá **Máire Uí Arta** ina Stiúrthóir le blianta fada anuas. Naíonra breá bríomhar atá anseo agus bíonn go leor ag tarlú ann i gcónaí.
Don chéad uair riamh tá an dara seisiún i Naíonra na Rinne. Tá 19 sa chéad seisiún ar maidin agus tá 9 sa dara seisiún. Tá na páistí i seisiún a 2 níos óige agus beidh siad go léir ag freastal ar an Naíonra arís an bhliain seo chugainn. Tá an-éileamh ar áiteanna anseo agus tá páistí cláraithe fiú don bhliain 2016!
Tá pleanáil teanga an-tábhachtach do gach duine a bhaineann leis an Naíonra agus tá ard-obair ar siúl ag na Stiúrthóirí.
Tá gach duine ag súil go mór leis an ngairdín chéadfach taobh amuigh den Naíonra. Beidh obair ag tosú ar seo go luath.

# Naíonra Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh




Seisiún 1




Seisiún 2

Tá Naíonra Mhic Amhlaigh lonnaithe i bhfoirgneamh réamhdhéanta ar shuíomh de chuid Ghaelscoil Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh. Tá dhá sheisiún Naíonra acu de bharr an méid éileamh atá ar an tseirbhís agus tá 40 páiste ag freastal air. Tá **Sabhrina Ní Chonghaile** ag feidhmiú mar Phríomh Stiúrthóir agus is í **Gearóidín Nic an tSaoir** an Stiúrthóir atá ina cuideachta. Gach bliain cuireann na páistí Dráma na Nollaig ar stáitse dá gcuid tuismitheoirí agus canann siad carúil Nollag chomh maith. Bíonn na páistí gléasta don ócáid agus tá siad ag breathnú go hálainn san pictiúir. Bíonn an seomra maisithe le h-obair láimhe a bhíonn déanta ag na bpáistí i gcomhar na Nollag. Ar ndóigh bíonn cóisir acu ina dhiaidh. Tá moladh mór ag dul do na Stiúrthóirí as an méid obair a bhíonn curtha isteach san ullmhúchán. Tá an ócáid seo le dul leis an gcuraclam Aistear **Aidhm Féiniúlacht agus Muintearas.** Beidh fhios ag na páistí go bhfuil fáilte roimh baill a dteaghlaigh agus a bpobail agus go bhfuil meoin dearfach sa tseirbhís i leith na ndaoine sin.

# Naíonra Chonnacht, An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Ar an 13 Nollaig chuir Naíonra Chonnacht tús le ceiliúradh na Nollag nuair a thug na páistí, na tuismitheoirí agus na stiúrthóirí cuairt ar Pháirc Feirme Leamhchoill i Maigh Cuilinn. Bhí an-spraoi acu ag féachaint ar na hainmhithe ar fad atá le feiceáil ar an bhfeirm. Chonaic siad asail, muca, gabhair, capaill, caoirigh agus uain chomh maith le lachain, géanna, turcaithe agus cearca. Ar ndóigh seo an tráth don bhliain a mbíonn na páistí ag súil go mór le Daidí na Nollag agus bhí sé ansin an lá sin. Chuaigh na páistí ar fad isteach ag caint leis agus d'inis siad dó céard a bhí siad ag iarraidh uaidh oíche Nollag. Chan siad amhráin Nollaig dó agus thug sé bronntanas dóibh as an mála mór a bhí aige. Tá imeachtaí mar seo tábhachtach mar go dtuigfidh na páistí faoi fhéilte agus ceiliúradh agus foghlaimeoidh siad faoin domhan ina dtimpeall agus gheobhaidh siad tuiscint air.

Is í **Máire Áine Breathnach** atá ag feidhmiú mar Príomh Stiúrthóir agus is í **Aisling Ní Laoire** atá ina cuideachta.



**Páistí Naíonra Chonnachta ar cuairt chuig Daidí na Nollag i dteannta Mháire Áine agus Aisling.**

# Naíonra Dhoirí Beaga, Co. Dhún na nGall



Sa bhliain 2010 d'aistrigh Naíonra Dhoirí Beaga ó Scoil Mhuire Dhoirí Beaga go hÁislann Ghaoth Dobhair ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Tá áis iontach acu anois agus níos mó spáis, le cois go bhfuil páirc shúgartha acu don Naíonra. Fuair siad deontas de €3,900 ó Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta i mí na Samhna 2013 le trealamh a cheannach don pháirc súgartha agus tá coiste tacaíochta an Naíonra fíor bhuíoch don Roinn ar a shon. I measc na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag na páistí tá: spraoi taobh amuigh, rannta, amhráin agus scéalta, gníomhaíochtaí chorpartha, cruthaíocht agus am ciúin le scíth a ligean.

Trí aisteoireacht, cluichí agus scéalaíochta, glacann páistí leis an carachtair i ndrámaí mar dhaoine iontu féin. Bíonn siad ag tabhairt taispeántas do chineáltas agus meas a bheith acu ar dhaoine eile agus cuireann seo lena forbairt mothúcháin agus sóisialta. Tugann seo ar na páistí úsáid a bhaint as gnáthchaint an lae agus cuidíonn seo go mór le saibhriú agus sealbhú na teanga.

Cuireann foireann an Naíonra seo béim ar leith ar dhrámaíocht, rannta, dánta agus scéalaíocht ag an am seo den bhliain, agus cuireann páistí an Naíonra "Seó" a mhaireann uair a chloig ar siúl in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Tugann sé féin mhuinín do na páistí seasamh ar ardán os comhar an phobail agus iad féin a chur i láthair. Bíonn gach páiste páirteach sa "Seó" agus bíonn teaghlaigh na bpáistí go léir i láthair chomh maith leis an phobal.

Glacann na páistí páirt sa Chomórtas An Béal Binn a bhíonn mar pháirt d'Éigse Uladh i Mí Márta ag aithriseoireacht dánta chomh maith.

Tá dhá sheisiún ar siúl sa Naíonra agus tá ceathrar stiúrthóirí ag obair ann, **Eithne** agus **Roisín**, i seomra a haon agus **Caitlín** agus **Sandra** i seomra a dó.

Tá a mbuanna féin ag gach duine de na Stiúrthóirí ó thaobh aclaíocht, ceardaíochta siamsaíocht, damhsa, ceol agus spórt agus tá obair iontach ar siúl acu.

Bíonn mic léinn ón gcúrsa cumarsáide san Acadamh i láthair ar an oíche agus déanann siad an "Seó" a thaifead mar pháirt den chúrsa agus cuireann siad an "Seó" ar fáil ar dhlúth dhiosca agus bíonn deis ag gach tuismitheoir an dlúth dhiosca a fháil i Mí Eanáir.

# Imeachtaí Nollag 2013


Naíonra an Chnoic 1, Co. na Gaillimhe


Naíonra na Rinne, Co. Phort Láirge


Naíonra Chúil Aodha, Co. Chorcaí


Naíonra an  Sean Phobal, Co. Phort Láirge


Naíonra Cheann Trá, Co. Chiarraí


Naíonra na Dromoda, Co. Chiarraí


Naíonra Chúil Aodha, Co. Chorcaí


Naíonra an Daingin, Co. Chiarraí


Naíonra an Leith Thriúigh, Co. Chiarraí


Naíonra Cheann Trá, Co. Chiarraí


Naíonra an Chnoic 2, Co. na Gaillimhe


Naíonra Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe


Naíonra Chill na Martra, Co. Chorcaí


Naíonra Ros an Mhíl, Gaillimh


Naíonra Chill Chiaráin, Co. na Gaillimhe

# Bláthú!